**Comórtas Póstaer agus Físeáin na Scoileanna Glasa agus Uisce Éireann 2026**

## Comórtas Póstaeir

Is í aidhm an comórtas ná go ndearfaidh scoláirí aonarch **póstaer A3** a léiríonn an téama: ***Mise agus Uisce.*** Is féidir foclaíocht agus íomhánna nó híomhánna amháin a bheith ann.

Ní mór na sonraí seo a leanas a chur ar cúl an phóstaeir:

***Sonraí Pearsanta:*** Caithfear na sonraí uilig seo a leanas a chur ar chúl an phósaeir i bhfoirm chló nó scríobhte amach:

1. Ainm an Dalta
2. Rang an Dalta nó Blianghrúpa (m.sh Rang 1, Idirbhliain)

***Sonraí Scoile:***

1. Seoladh Scoile ina iomlán leis an gContae in áireamh agus an Eircode.
2. Sonraí na Comhordaitheora Scoileanna Glasa (Ainm, uimhir fón, email) chun teangmháil a dhéanamh.

***Catagóir:***

Tá trí chatagóir ann:

1. Bunscoil Shóisearach (Naíonáin - rang 2)
2. Bunscoil Shinsearach (rang 3 - 6)
3. Meánscoil (lena n-áirítear grúpaí óige) (bliain 1 -6)

*Tá fáilte mhór roimh iontráil ó scoileanna speisialta agus cuirtear isteach iad san aoisghrúpa a mhothaíonn an múinteoir atá oiriúnach do chaighdeán an dalta.

## Rialacha Iontrála:

1. **Téama:** Ba chóir go mbeadh gach iontráil bunaithe ar théama an chomórtais: ***Mise agus Uisce***.

2. **Cáilitheacht:** Tá an comórtas seo oscailte do Scoileanna Glasa cláraithe atá ag obair faoi láthair agus a bhfuil Coiste Glas gníomhach acu.

3. **Méid an Phóstaeir**: Ní mór do gach póstaer a bheith ar aon taobh amháin den leathanach agus a bheith A3 i méid. Níl cead greadhnán a úsaid mar tá seans go loiteadh sé póstaerí eile.

4. **Ceadanna:** Caithfidh cead tuismitheora/caomhnóra a bheith ag gach iontrálaí chun dul isteach. Deimhníonn an t-iontrálaí gur thug aon duine a thaispeántar san iontráil cead é a léiriú mar a thaispeántar.

5. **Cóipcheart:** Caithfidh an saothar ealaíne a chuirtear isteach a bheith bunaidh agus cruthaithe go hiomlán ag an iontrálaí. Dícháileofar aon obair a cóipeáladh, a rianaíodh nó a ndearnadh bradaíl uirthi.

6. **Buaiteoirí Réigiúnacha:** Roghnófar buaiteoirí réigiúnacha an chomórtais póstaer as gach catagóir póstaeir (12 bhuaiteoir Réigiúnach san iomlán). Roghnófar buaiteoirí náisiúnta ansin ó na buaiteoirí Régiúnacha i ngach catagóir (triúr buaiteoirí Náisiúnta san iomlán). Na réigiúin síos mar seo a leanas:

- Contae Bhaile Átha Cliath: Cathair Bhaile Átha Cliath, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Baile Átha Cliath Theas, Fine Gall
- An tOirthear agus Lár na Tíre: Cill Chainnigh, Cill Mhantáin, Cill Dara, Laois, Ceatharlach, Uíbh Fhailí, an Iarmhí, an Longfort, an Mhí agus Lú
- Réigiún Thuaidh agus Thiar: Dún na nGall, Liatroim, Sligeach, an Cabhán, Muineachán, Gaillimh, Maigh Eo, an Clár agus Ros Comáin
- Réigiún Theas: Loch Garman, Port Láirge, Tiobraid Árann, Corcaigh, Ciarraí agus Luimneach

7. **Duaiseanna:** Iarrfar ar na buatóirí freastal ar (seachan imthosca maolaitheach) an searmanas bronnta duaise i mBaile Átha Cliath, Mí Bhealtaine 2026, nuair a chraoltar na buatóirí. Gheobhaidh na buaiteoirí réigiúnacha a bpóstaer buaiteach a bheidh leagtha amach go gairmiúil; Dearbhán €100 one4all. Bronnfar duaiseanna breise ar na buaiteoirí náisiúnta, duaiseanna a fhógrófar ag an searmanas bronnta. Féadfar duaiseanna a athrú de rogha an Taisce. Tá duaiseanna neamh-inaistrithe.

8. **Cur ar aghaidh na póstaerí: Ní mór iontrálacha bunaidh a phostáil chuig**: **Comórtas Póstaeir Uisce le Clár na Scoileanna Glasa, An Taisce, 5 Plás Foster, Barra an Teampaill, Baile Átha Cliath 2, D02V0P9**

   **Ní** ghlacfar le hiontrálacha a sheoltar ar ríomhphost.

9. **Sproicdáta:** Ní mór iontrálacha a bheith **faighte faoin Aoine 12 Mí Feabhra, 2026.**

10. **Moltóireach**: Roghnóidh painéal neamhspleách breithiúna na hiontrálacha buaiteacha. Tá an Painéal Moltóireachta freagrach as dámhachtainí a leithdháileadh agus is cinneadh críochnaitheach é cinneadh an Phainéil Moltóireachta agus ní dhéanfar aon chomhfhreagras maidir leis an gcinneadh sin.

11. **Fógra:** Cuirfear na buaiteoirí ar an eolas trí ríomhphost.

12. **Tuairisceáin:** Ní féidir le Scoileanna Glasa iontrálacha ar bith a chur ar ais chuig scoileanna.

13. **Poiblíocht:** D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar bhuaiteoirí páirt a ghlacadh i bpoiblíocht an chomórtais, lena n-áirítear grianghraf a ghlacadh de na meáin. Ní roinnfear grianghraif de na buaiteoirí go poiblí riamh gan toiliú sonrach na dtuismitheoirí nó na gcaomhnóirí.

14. **Foilseacháin na Roinne (Uisce Éireann):** Forchoimeádann an Roinn urraíochta an ceart chun úsáid a bhaint as na póstaeir a chuireann na hiontrálacha buaiteacha isteach i bhfoilseacháin nó meáin na Roinne amach anseo. Is féidir ainmneacha agus seoltaí na mbuaiteoirí a úsáid chun na gcríoch sin freisin.

**Is ionann iontráil sa chomórtas/sna comórtais agus glacadh iomlán agus neamhchoinníollach leis na Téarmaí & Coinníollacha seo.**

**Má tá ceisteanna agat faoi na comórtais, déan teagmháil ag**
**water@greenschoolsireland.org**

## Scoileanna Iarbhunscoil Comórtais Físeáin

### Rialacha Iontrála:

1. **Téama:** Ba chóir go mbeadh gach iontráil bunaithe ar théama an chomórtais: ***Mise agus Uisce***.

2. **Cáilitheacht:** Tá an comórtas seo oscailte do iarbhunscoileanna Scoileanna Glasa cláraithe atá ag obair faoi láthair agus a bhfuil Coiste Glas gníomhach acu. Is féidir físeán a chur isteach mar dhuine aonair nó mar fhoireann (suas ar 5 baill)

3. **Méid agus Formáid:** Is féidir an fhíseán a dhéanamh i gclaonadh tírdrigh nó portráide agus go leanfadh sé 1 go 3 nóiméad i leithead.

4. **Ceadanna**: Caithfidh cead tuismitheora/caomhnóra a bheith ag gach iontrálaí. Caithfidh an saothar físe a chuirtear isteach a bheith bunaidh agus cruthaithe go hiomlán ag an iontrálaí. Is leo iad an cóipcheart agus na cearta maoine intleachtúla don fhíseán. Deimhníonn an t-iontrálaí gur thug aon duine a thaispeántar san iontráil cead é a léiriú mar a thaispeántar (agus éinne faoi bhun 18 gur thug na tuismitheoirí cead dóibh). Fiú agus an cóipcheart ag an iontralaí, is coinníol d'iontrála gur féidir le Clár na Scoileanna Glasa leis an Taisce agus an fiontar uairrithe Uisce Eireann íomha an iontrála a úsáid.

5. **Catagóir an Bhua:** roghnófar suas ar 3 fhíseáin mar bhuaitheóir as na hiontrálach go léir.

6. **Duaiseanna:** Iarrfar ar na buatóirí freastal ar (seachan imthosca maolaitheach) an searmanas bronnta duaise i mBaile Átha Cliath, Mí Bhealtaine 2026. Gheobhaidh na buaiteoirí físeáin; Dearbhán €200 agus cuireadh don searmanas bronnta duaise. Féadfar duaiseanna a athrú de rogha an Taisce. Tá duaiseanna neamh-inaistrithe.

7. **Ag cur isteach an fhíseán:** Is féidir na físeán a chur ar aon ardán sóisíalta agus ansin is cóir na físeán a sheoladh ar aghaidh i bhfoirm nasc (m.sh Nasc Youtube nó leithéad) agus a chur isteach trí na bhfoirmeacha **oifigiúla iontrála**. Is féidir an nasc a aimsiú chomh maith ar ár suíomh gréasáin.

8. **Sproicdáta:** Ní mór iontrálacha a bheith **faighte faoin 11 Mí Márta, 2026.**

9. **Moltóireach**: Roghnóidh painéal neamhspleách breithiúna na hiontrálacha buaiteacha. Tá an Painéal Moltóireachta freagrach as dámhachtainí a leithdháileadh agus is cinneadh críochnaitheach é cinneadh an Phainéil Moltóireachta agus ní dhéanfar aon chomhfhreagras maidir leis an gcinneadh sin.

10. **Fógra:** Cuirfear na buaiteoirí ar an eolas trí ríomhphost.

15. **Poiblíocht:** D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar bhuaiteoirí páirt a ghlacadh i bpoiblíocht an chomórtais, lena n-áirítear grianghraf a ghlacadh de na meáin. Ní roinnfear grianghraif de na buaiteoirí go poiblí riamh gan toiliú sonrach na dtuismitheoirí nó na gcaomhnóirí.

16. **Foilseacháin na Roinne (Uisce Éireann):** Forchoimeádann an Roinn urraíochta an ceart chun úsáid a bhaint as na póstaeir a chuireann na hiontrálacha buaiteacha isteach i bhfoilseacháin nó meáin na Roinne amach anseo. Is féidir ainmneacha agus seoltaí na mbuaiteoirí a úsáid chun na gcríoch sin freisin.

**Is ionann iontráil sa chomórtas/sna comórtais agus glacadh iomlán agus neamhchoinníollach leis na Téarmaí & Coinníollacha seo.**

**Má tá ceisteanna agat faoi na comórtais, déan teagmháil ag**
**water@greenschoolsireland.org**